Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 7

# Oifig an Aire Airgeadais

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, tá sé de dhualgas orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**John Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Airgeadais

25 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Meán Fómhair 2013

# Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

## Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Polasaí Eacnamaíoch agus Buiséid | 6,812 | 5,107 | 6,803 |
| B | Polasaí na Seirbhísí Airgeadais agus Cánachais | 8,860 | 6,457 | 7,641 |
| C | Beartas na hEarnála Baincéireachta | 9,870 | 6,843 | — |
| D | Soláthar Seirbhísí Comhroinnte | 7,794 | 7,788 | 9,950 |
| | **Ollchaiteachas** | **33,336** | **26,195** | **24,394** |
| | *Asbhain* | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,254** | **1,564** | **1,812** |
| | **Glanchaiteachas** | **32,082** | **24,631** | **22,582** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 7,450,784 | 3,275,382 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 20,484 | 16,874 | 17,478 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 384 | 392 | 299 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 612 | 650 | 666 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 540 | 632 | 708 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,040 | 1,314 | 982 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 666 | 884 | 825 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 25 | — | — |
| viii | Uachtaránacht an AE | 1,995 | 791 | — |
| | | 25,746 | 21,537 | 20,958 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 4,443 | 3,350 |
| Pá | | 17,732 | 17,564 |
| Neamhphá | | 4,020 | 3,480 |
| **Ollchaiteachas** | | **26,195** | **24,394** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,564** | **1,812** |
| **Glanchaiteachas** | | **24,631** | **22,582** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil**[1] | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (638) | | |
| Dímheas | 1,046 | | |
| | | 408 | 1,046 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú sna Fabhruithe Deiridh | (151) | | |
| Laghdú stoic[1] | 6 | | |
| | | (145) | 254 |
| **Caiteachas díreach** | | **24,894** | **23,882** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 13,016 | 14,559 |
| Meas-chíosanna | | 1,432 | 1,454 |
| **Costas glan clár** | | **39,342** | **39,895** |

[1] Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) a gcuid stoc. Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus áisiúlachta, déantar caiteachas ar stáiseanóireacht agus stoic a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar caiteachas ar ábhair TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go nglactar leis go roinntear na stoic, áirítear iad sna nótaí i ndáil le costas oibriúcháin a ghabhann le Cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 agus leithdháiltear iad ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach. Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla, leithdháiltear na hathruithe i sócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin.

**1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara**

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 7 a tabhaíodh in áit eile, glanchostais na seirbhísí roinnte a cionroinneadh ar Vótaí eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne | 42 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,497 | 12,850 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,080 | 2,009 |
| Vóta 20 Garda Síochána | — | 62 |
| Lárchiste - pinsin na nAirí | 231 | 163 |
| | 13,850 | 15,084 |
| Costas cionroinnte tacaíochta roinnte párolla agus cuntasaíochta do Vótaí eile | (834) | (525) |
| | 13,016 | 14,559 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 1,143 | 1,191 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 505 | 585 |
| Stoic | 2.5 | 17 | 23 |
| Réamhíocaíochtaí | | 427 | 353 |
| Ioncam fabhraithe | | 282 | — |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 230 | 120 |
| Cuntas bainc seirbhísí roinnte párolla | | 713 | 8 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,174** | **1,089** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 346 | 141 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 821 | 692 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | (86) | 13 |
| Seirbhísí roinnte párolla | | 713 | 8 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,794** | **854** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **380** | **235** |
| **Glansócmhainní** | | **1,523** | **1,426** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú stáit** | 2.1 | **1,523** | **1,426** |

| **2.1 Cuntas um maoiniú stáit** | **Nóta** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 1,426 | 6,011 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 37,647 | 37,141 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | 1,432 | 1,454 |
| Sócmhainní caipitiúla– míreanna neamh-airgid eile [1] | | (358) | (30) |
| Dímheas – míreanna neamh-airgid eile [1] | | 718 | 885 |
| Ollmhéid aistrithe sócmhainní caipitil | | — | (24,343) |
| Dímheas aistrithe sócmhainní caipitil | | — | 20,389 |
| Sócmhainní caipitil i mbun forbartha aistrithe | | — | (186) |
| Costas glan clár | 1 | (39,342) | (39,895) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | 1,523 | 1,426 |

[1] Ag eascairt ón mbeartas cionranna le haghaidh sócmhainní arna roinnt ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní mheaitseálann na figiúirí sealbhaithe/dímheasa sa chlár comhordaithe leo siúd a léirítear sa Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin.

## 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 32,082 | 25,857 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (7,451) | (3,275) |
| | | 24,631 | 22,582 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 13,016 | 14,559 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | 37,647 | 37,141 |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | — | 5,272 | 2,369 | 7,641 |
| Breiseanna | 218 | 57 | 6 | 281 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 218 | 5,329 | 2,375 | 7,922 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012 | — | 4,211 | 2,239 | 6,450 |
| Dímheas don bhliain | 44 | 233 | 52 | 329 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2012 | 44 | 4,444 | 2,291 | 6,779 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | 174 | 885 | 84 | 1,143 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | — | 1,061 | 130 | 1,191 |

Suas go 31 Nollaig 2010, taifeadadh gach sócmhainn chaipitil ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní dhéanann clár na sócmhainní ionad an aonaid ghnó a thaifeadadh a úsáideann an tsócmhainn. Dá thoradh sin, níorbh fhéidir na sócmhainní a scaradh idir na haonaid sin a d’fhan sa Roinn agus na cinn sin a bhí le haistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealaimh oifige a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní trealaimh TE a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar dímheas ar shócmhainní do gach Roinn bunaithe ar líon na foirne. In ainneoin a bhfuil luaite thuas, cheannaigh an Roinn Airgeadais sócmhainní áirithe i 2012 a bhí le húsáid aici sin go heisiach agus ní chionroinntear an dímheas maidir leo siúd.

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 506 | 586 |
| Orduithe gan íoc | (1) | (1) |
| | 505 | 585 |

## 2.5 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 12 | 17 |
| Ábhair inchaite TF | 5 | 6 |
| | 17 | 23 |

## 2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 52 | — |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 73 | 43 |
| Óinchistí Taistil | 1 | — |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 83 | 71 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 21 | 6 |
| | 230 | 120 |

## 2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 233 | 264 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 113 | 117 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 254 | 46 |
| Cáin Bhreisluacha | 24 | 22 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 44 | 45 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 75 | 78 |
| | 743 | 572 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 77 | 84 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | 30 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | — | 1 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 1 | 5 |
| | 821 | 692 |

| **2.8 Glandliteanas don/(ón) Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 7,451 | 3,275 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (7,537) | (3,262) |
| Glandliteanas don/(ón) Státchiste | (86) | 13 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 505 | 585 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 230 | 120 |
| | 735 | 705 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (743) | (572) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (78) | (120) |
| | (821) | (692) |
| | | |
| | (86) | 13 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 4 | 30 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Polasaí Eacnamaíoch agus Buiséid** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 5,343 | 3,960 | 5,966 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 744 | 664 | 270 |
| A.3 | Coistí agus coimisiúin | — | — | 326 |
| A.4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 75 | 74 | 17 |
| A.5 | Comhairle Fhioscach Chomhairleach (deontas-i-gcabhair) | 650 | 409 | 222 |
| A.6 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | — | — | 2 |
| | | **6,812** | **5,107** | **6,803** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1,705,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 1,383 | Tharla an coigilteas de bharr úsáid foirne pro-bono i roinn bpríomhphost sinsearach, moilleanna i leath ceapacháin ar phoist eile agus tuarastail tosaigh níos ísle ná mar a ceapadh i ndáil le gráid ar leith. |
| Comhairle Fhioscach Chomhairleach (deontas-i-gcabhair) | 241 | Tharla an coigilteas de bharr moill gan choinne i mbunú na Comhairle Fhioscach Chomhairleach. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Polasaí na Seirbhísí Airgeadais agus Cánachais** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 6,875 | 5,240 | 4,585 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 790 | 773 | 188 |
| B.3 | Coistí agus coimisiúin | 351 | 352 | 26 |
| B.4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 830 | 77 | 2,213 |
| B.5 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 14 | 15 | 629 |
| | | **8,860** | **6,457** | **7,641** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €2,403,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 753 | Tharla an coigilteas ó iarchur na gcostas comhairleach beartaithe. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Beartas na hEarnála Baincéireachta** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 3,813 | 2,679 | — |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 387 | 433 | — |
| C.3 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 5,670 | 3,731 | — |
| | | **9,870** | **6,843** | **—** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteacha s an gClár C €3,027,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an s i ndáil lei méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 1,134 | Tharla an coigilteas de bharr úsáid foirne pro-bono i roinn bpríomhphost sinsearach, moilleanna i leath ceapacháin ar phoist eile agus tuarastail tosaigh níos ísle ná mar a ceapadh i ndáil le gráid ar leith. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 1,939 | Tharla an coigilteas de bharr táillí um chomhairle dlí níos ísle ná mar a ceapadh ó chur siar na dtionscadal um athstruchtúrú bainc agus fiachais. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Soláthar Seirbhísí Comhroinnte** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | 6,053 | 5,638 | 6,927 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 1,741 | 2,150 | 3,023 |
| | | **7,794** | **7,788** | **9,950** |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú i gcás gach fotheidil caiteachais mar a raibh an toradh éagsúil ón tsuim a cuireadh ar fáil, faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 25%. Níor chomhlíon aon toradh den chlár D na critéir seo i 2012.

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | 250 | 387 | 532 |
| 2. | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 998 | 1,085 | 1,158 |
| 3. | Ilghnéitheach | 6 | 92 | 122 |
| | **Iomlán** | **1,254** | **1,564** | **1,812** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | (137) | Is deacair na costais in-fhorchúitithe faoin scéim a mheas |

**4.2 Fáltas le híoc leis an Státchiste**

Aistríodh fáltais eile de chuid €90,677 chuig an Státchiste i rith na bliana maidir le hairgead a fuarthas in 2011 agus 2012 nach raibh cuí don Vóta. Baineann figiúr de chuid €90,005 le forchúiteamh na gcostas tabhaithe le haghaidh Oifigeach Seirbhíse á roinnt le hOifig Rialtais. Figiúr de chuid €672 le costais ragoibre ó Roinn Rialtais.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 319 | 272 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[1] | 16,298 | 15,927 |
| Iomarcaíocht | — | 145 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 119 | 166 |
| Liúntais eile | 50 | 117 |
| Ragobair | 314 | 352 |
| ÁSPC an Fhostóra | 951 | 857 |
| **Pá iomlán** | **17,732** | **17,564** |

[1] Áiríonn figiúr an phá iomláin an pá i bhfotheidil A.1, A.5, B.1, C.1, D.1.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2012 € | Uasíocaíocht aonair 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 35 | 2 | 15,401 | 15,934 |
| Liúntais eile | 69 | — | 6,229 | 89,038 |
| Ragobair | 95 | 13 | 28,398 | 28,672 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile**

Athcheapadh beirt státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán de chuid €5,314.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de chuid €541,659 i ndáil le 11 oifigeach a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2012 nó don bhliain ar fad agus a d'íoc an Roinn tuarastal ina leith.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Feidhmeanna an Chórais Bhaincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) uimh. 115 ó 2010. Rinneadh an tarmligean seo a aisghairm le feidhm ó 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. uimh. 395 ó 2011 agus ó shin i leith tá aonad baincéireachta NTMA ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais. Faoi threoir an Aire, bíonn freastal á dhéanamh i gcónaí ag an NTMA ar chostais an aonaid, costais a chuimsíonn costais fhoirne agus costais chomhairleachta áirithe.

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa | 1967 | 21 | 26 |
| Bord Achomharc um Thiománaithe Míchumasaithe | 1989 | 331 | 326 |
| Painéal Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Roinn Airgeadais | 2010 | — | 2 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin maidir leis an earnáil baincéireachta in Éirinn | 2010 | — | 629 |
| | | 352 | 983 |

Seo a leanas an costas iomlán a tabhaíodh maidir le coistí agus coimisiúin a bhfuil a gcuid oibre curtha i gcrích:

Ba é costas an Phainéil Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Roinn Airgeadais ná €213,507.

Ba é costas an Choimisiúin Imscrúdaithe faoin earnáil bhaincéireachta in Éirinn ná €1,348,311.

### 6.3 Íocaíochtaí Eile

Tá 50% de na costais trochlaithe íoctha ag an Roinn tar éis scarúint le cóiríocht léasaithe, costais ar luach €175,000. Iompraíodh na costais a bhí fágtha ag Vóta 11, Oifig an Aire don Chaiteachas Poiblí agus don Athchóiriú.